Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10708 — CURA / OCG / DEUTSCHE EUROSHOP JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 221/07)

1. An 30 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— KG CURA Vermögensverwaltung GmbH & Co ("CURA", an Ghearmáin),

— Oaktree Capital Group, LLC ("OCG", na Stáit Aontaithe),

— Deutsche EuroShop AG ("Deutsche EuroShop", an Ghearmáin).

Gheobhaidh CURA agus OCG rialú comhpháirteach ar Deutsche EuroShop de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 23 Bealtaine 2022.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— CURA: gníomhach i réadmhaoin in earnálacha na siopadóireachta, na hoifige, na tráchta, na n-óstán, na dtithe agus na tionsclaíochta san Eoraip den chuid is mó,

— OCG: gníomhach i gcistí infheistíochta malartacha agus neamhthraidisiúnta ar fud an domhain,

— Deutsche EuroShop: gníomhach in infheistíochtaí agus i mbainistiú infheistíochtaí in ionaid siopadóireachta san Eoraip.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10708 — CURA / OCG / DEUTSCHE EUROSHOP JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË